*Uimhir* 16 *de* 2003

# AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (ORD POIBLÍ), 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

## RIAR NA nALT


CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

2. Léiriú.

CUID 2

Orduithe Eisiaimh

3. Ordú eisiaimh.

CUID 3

Orduithe Dúnta

4. Iarratas ar ordú dúnta.

5. Ordú dúnta.

6. Achomhairc.

7. Leathnú ar ordú dúnta.

8. Sárú ar ordú dúnta.

9. Dliteanas i leith cionta ag comhlachtaí corpraithe agus neamhchorpraithe.

10. Dlínse.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 | 1994, Uimh. 2 |
| Na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 1986 | |
| Na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2000 | |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 | 2001, Uimh. 45 |
| An tAcht um Hallaí Rinnce Puiblí, 1935 | 1935, Uimh. 2 |
| Na hAchtanna um Hallaí Rince Poiblí, 1935 agus 1997 | |
| Achtanna Clárú na gClubanna, 1904 go 2000 | |

*Uimhir* 16 *de* 2003

# AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (ORD POIBLÍ), 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DÁ CHUMASÚ DAOINE A CHIONTAÍTEAR I gCION FAOI FHORÁLACHA ÁIRITHE DEN ACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (ORD POIBLÍ), 1994, A EISIAMH Ó DHUL ISTEACH IN ÁITRIBH CHEADÚNAITHE NÓ IN ÁITRIBH (LENA nÁIRÍTEAR STAINNÍN NÓ FEITHICIL) A ÚSÁIDTEAR CHUN BIA A DHÍOL NÓ Ó LIMISTÉIR I gCOMHARSANACHT NA nÁITREABH SIN; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hÁITRIBH DEN SÓRT SIN A DHÚNADH AG AM SONRAITHE NÓ AR FEADH TRÉIMHSE SONRAITHE MÁS GÁ AR MHAITHE LE COSC A CHUR LE MÍ-ORD NÓ TORANN IOMARCACH A ÉIRÍONN I nDÁIL LEIS NA hÁITRIBH SIN; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA.

[28 *Bealtaine*, 2003]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**1**.—(1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 2003, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

(2) Féadfar na hAchtanna um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 agus 2003, a ghairm den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994, agus den Acht seo le chéile.

(3) Féadfar na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2003, a ghairm de na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2000, agus den Acht seo le chéile.

(4) Féadfar na hAchtanna um Hallaí Rince Poiblí, 1935 go 2003, a ghairm de na hAchtanna um Hallaí Rince Poiblí, 1935 agus 1997, agus den Acht seo le chéile.

(5) Féadfar na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 2003, a ghairm de na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 1986, agus den Acht seo le chéile.

(6) Féadfar Achtanna Clárú na gClubanna, 1904 go 2003, a ghairm d'Achtanna Clárú na gClubanna, 1904 go 2000, agus den Acht seo le chéile.

(7) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh mí amháin tar éis é a rith.

Léiriú.

**2**.—(1) San Acht seo—

ciallaíonn "áitreabh lónadóireachta":

(*a*) áitreabh ceadúnaithe,

(*b*) áitreabh bia, nó stainnín bia nó feithicil bhia, de réir bhrí na Rialachán Sláinteachais Bia, 1950 go 1989;

ciallaíonn "ordú dúnta" ordú faoi *alt 5* chun áitreabh lónadóireachta a dhúnadh agus folaíonn sé ordú den sórt sin arna dhaingniú, arna athrú nó arna leathnú faoin Acht seo;

ciallaíonn "club" club atá cláraithe faoi Achtanna Clárú na gClubanna, 1904 go 2000;

ciallaíonn "áitreabh ceadúnaithe":

(*a*) áitreabh atá ceadúnaithe chun deochanna meisciúla a dhíol faoi na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2000,

(*b*) áitreabh atá ceadúnaithe faoin Acht um Hallaí Rinnce Puiblí, 1935,

(*c*) áitreabh atá ceadúnaithe faoi na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 1986,

(*d*) club;

ciallaíonn "ceadúnaí":

(*a*) i ndáil le háitreabh ceadúnaithe (seachas club), sealbhóir an cheadúnais,

(*b*) i ndáil le club, gach duine atá taifeadta i gclár na gclubanna mar oifigeach don chlub nó mar chomhalta dá choiste bainistíochta nó dá chomhlacht rialaithe an tráth ábhartha, agus

(*c*) i ndáil le háitreabh lónadóireachta eile, an dílseánach cláraithe (de réir bhrí na Rialachán Sláinteachais Bia, 1950 go 1989) ar an áitreabh;

ciallaíonn "bainisteoir" aon duine a oibríonn in áitreabh lónadóireachta i gcáil a thugann údarás dó nó di an t-áitreabh a dhúnadh;

ciallaíonn "comharsanacht", i ndáil le háitreabh lónadóireachta, talamh laistigh d'achar réasúnach, nach mó ná 100 méadar, ón áitreabh.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d'alt, is tagairt í d'alt den Acht seo,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt, is tagairt í don fho-alt den alt ina bhfuil an tagairt, agus

(*c*) aon tagairt d'achtachán, is tagairt í don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi aon achtachán dá éis sin (lena n-áirítear an tAcht seo).

## CUID 2

### Orduithe Eisiaimh

Ordú eisiaimh.

**3**.—(1) Ar dhuine a chiontú i gcion faoi alt 4, 5, 6, 7, 8 nó 9 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994, féadfaidh an Chúirt Dúiche, le hordú, a thoirmeasc ar an duine dul isteach in áitreabh lónadóireachta sonraithe nó a bheith i gcomharsanacht áitribh lónadóireachta shonraithe idir cibé tráthanna, agus le linn cibé tréimhse, a shonróidh an Chúirt.

(2) Aon tréimhse a shonrófar amhlaidh, ní faide í ná 12 mhí agus tosóidh sí—

(*a*) i gcás ina ndearnadh pianbhreith phríosúnachta nó choinneála a chur ar an duine mar gheall ar an gcion, ar an dáta a scaoilfear saor é nó í, nó

(*b*) in aon chás eile, ar dháta an ordaithe.

(3) Déanfaidh rialtóir na háite, nó an duine eile atá i bhfeighil na háite, ina bhfuil pianbhreith á cur isteach ag duine atá faoi réir ordú faoi *fho-alt (1)* an dáta ar a bhfuil an duine le scaoileadh saor a chur in iúl do Choimisinéir an Gharda Síochána.

(4) Aon duine nach gcomhlíonann ordú faoi *fho-alt (1)*, gan leithscéal réasúnach a bheith aige nó aici, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €650 nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda i gcoinne ordú faoi *fho-alt (1)*.

(6) I *bhfo-alt (1)*, ciallaíonn "cion" cion arna dhéanamh tar éis thosach feidhme an Achta seo.

## CUID 3

### Orduithe Dúnta

Iarratas ar ordú dúnta.

**4**.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar ordú faoi *alt 5* (dá ngairtear "ordú dúnta" san Acht seo) i leith áitribh lónadóireachta más rud é, i dtuairim an chomhalta—

(*a*) (i) go raibh mí-ord ann san áitreabh nó i gcomharsanacht an áitribh, ar mí-ord é a raibh daoine a bhí san áitreabh páirteach ann, nó

(ii) maidir le torann a tháinig ón áitreabh nó ó chomharsanacht an áitribh agus ar daoine a bhí san áitreabh ba chúis leis, go raibh sé chomh mór nó chomh leanúnach sin nó go raibh sé ann chomh minic sin nó gur mhair sé chomh fada sin nó go raibh sé chomh hard sin, nó gur tharla sé ag tráthanna den sórt sin, gur cúis réasúnach crá é do dhaoine sa chomharsanacht sin,

agus

(*b*) gur dóigh go mbeidh an mí-ord nó an torann sin ann arís.

(2) Ní dhéanfar iarratas ar ordú dúnta mura ndearna comhalta den Gharda Síochána fógra i scríbhinn a sheirbheáil, go pearsanta nó leis an bpost cláraithe—

(*a*) á rá gurb é tuairim an chomhalta go raibh mí-ord nó torann mar a luaitear i *bhfo-alt (1)* ann, agus

(*b*) á iarraidh ar an gceadúnaí cibé beart a dhéanamh a thagann faoi raon smachta an cheadúnaí agus is gá chun cosc a chur, a mhéid is féidir, leis an mí-ord nó an torann a bheith ann arís, laistigh de cibé tréimhse réasúnach ama tar éis an fógra a sheirbheáil, nach faide ná 7 lá, agus a shonrófar ann.

(3) Is iar bhfógra chuig ceadúnaí nó bainisteoir an áitribh lónadóireachta lena mbaineann a bheidh an t-iarratas.

Ordú dúnta.

**5**.—(1) Más rud é, ar iarratas faoi *alt 4*, gur deimhin leis an gCúirt Dúiche—

(*a*) go raibh mí-ord nó torann dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* den alt sin ann agus gur dóigh go mbeidh sé ann arís, agus

(*b*) gur gá ordú dúnta a dhéanamh chun cosc a chur leis an mí-ord nó leis an torann a bheith ann arís,

déanfaidh an Chúirt ordú dúnta i leith an áitribh lónadóireachta lena mbaineann.

(2) Ordófar in ordú dúnta go ndúnfar áitreabh lónadóireachta—

(*a*) am sonraithe nó idir amanna sonraithe ar lá nó laethanta sonraithe le linn tréimhse sonraithe, nó

(*b*) go ceann tréimhse—

(i) nach faide ná 7 lá i gcás an chéad ordaithe den sórt sin, nó

(ii) nach giorra ná 7 agus nach faide ná 30 lá i gcás an dara hordú nó ordú dá éis sin.

(3) Ar ordú dúnta a dhéanamh féadfaidh an Chúirt, ag féachaint d'imthosca áirithe an cháis, a ordú go gcomhlíonfaidh an ceadúnaí ceanglais shonraithe i ndáil leis an áitreabh lónadóireachta lena mbaineann laistigh de thréimhse shonraithe, lena n-áirítear, de réir mar is cuí, ceanglas chun córas teilifíse ciorcaid iata a shuiteáil, an

cineál substaintí atá le díol a shrianadh nó an líon daoine atá le ligean isteach a theorannú.

(4) Aon duine nach gcomhlíonann ordú faoi *fho-alt (3)*, gan leithscéal réasúnach a bheith aige nó aici, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €650 nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Le linn don Chúirt cinneadh a dhéanamh i dtaobh ordú dúnta a dhéanamh, féadfaidh an Chúirt aon iompar de chuid an cheadúnaí nó de chuid bainisteora nó duine eile atá fostaithe ag an gceadúnaí i ndáil le hoibriú an áitribh lena mbaineann a chur i gcuntas.

(6) Maidir le hordú dúnta—

(*a*) féadfaidh feidhm a bheith aige maidir le háitreabh lónadóireachta iomlán nó maidir le cuid de,

(*b*) sonrófar ann an foras nó na forais leis an ordú a dhéanamh, agus

(*c*) tiocfaidh sé i bhfeidhm nuair a thugann comhalta den Gharda Síochána fógra i scríbhinn i dtaobh a dhéanta do cheadúnaí nó do bhainisteoir an áitribh lena mbaineann.

(7) Le linn d'ordú dúnta a bheith i bhfeidhm, déanfaidh an ceadúnaí fógra, ina sonrófar na hamanna dúnta nó an tréimhse dúnta faoin ordú agus na forais leis an ordú a dhéanamh, a ghreamú den taobh amuigh den áitreabh lena mbaineann in áit fheiceálach.

(8) Ní bheidh aon fhostaí atá ag obair san áitreabh lena mbaineann ordú dúnta faoi mhíbhuntáiste ina fhostaíocht nó ina fostaíocht mar gheall ar an ordú nó le linn na tréimhse dúnta faoin ordú.

(9) Maidir leis an tagairt i *bhfo-alt (8)* d'fhostaí, is tagairt í d'fhostaí lánaimseartha nó d'fhostaí páirtaimseartha de réir bhrí an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001.

(10) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (7)*, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná—

(*a*) €300 a chur air nó uirthi i gcás an chéad chiona, nó

(*b*) €600 a chur air nó uirthi i gcás an dara cion nó i gcás ciona dá éis sin.

**6**.—(1) Ní dhéanfaidh achomharc chun na Cúirte Cuarda i gcoinne ordú dúnta difear d'oibriú an ordaithe mura ndéanann an Chúirt, laistigh de 7 lá ó dháta an ordaithe, ordú ag fionraí oibriú an ordaithe dúnta go dtí go n-éistear an t-achomharc. Achomhairc.

(2) Ar an achomharc a éisteacht, féadfaidh an Chúirt Chuarda—

(*a*) an t-ordú lena mbaineann a dhaingniú, a chúlghairm nó a athrú, agus

(*b*) cibé ordú eile (más ann) a dhéanamh i ndáil leis an áitreabh is dóigh léi is cóir.

Leathnú ar ordú dúnta.

**7**.—(1) Roimh dheireadh na tréimhse a bhfuil ordú dúnta i bhfeidhm lena linn, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar ordú ag leathnú an ordaithe dúnta.

(2) Ar iarratas den sórt sin a dhéanamh féadfaidh an Chúirt, más deimhin léi gur gá ordú ag leathnú an ordaithe dúnta chun cosc a chur leis an mí-ord nó an torann a bheith ann arís, an t-ordú dúnta, fara aon athrú ar a théarmaí is cuí léi, a leathnú le hordú go ceann tréimhse eile.

Sárú ar ordú dúnta.

**8**.—(1) Aon duine a cheadaíonn áitreabh lónadóireachta a bheith ar oscailt le haghaidh gnó de shárú ar ordú dúnta, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Aon duine atá in áitreabh lónadóireachta, gan leithscéal réasúnach, fad atá ordú dúnta i bhfeidhm i leith an áitribh, tá sé nó sí ciontach i gcion mura suíonn an duine nár comhlíonadh *alt 5(7)* i ndáil le fógra a ghreamú den taobh amuigh den áitreabh.

(3) Aon duine—

(*a*) a n-iarrtar air nó uirthi imeacht as áitreabh lónadóireachta chun a chumasú ordú dúnta a chomhlíonadh, agus

(*b*) nach ndéanann amhlaidh, gan leithscéal réasúnach a bheith aige nó aici,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (2)* nó *(3)* dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach lú ná €70 agus nach mó ná €125 a chur air nó uirthi.

Dliteanas i leith cionta ag comhlachtaí corpraithe agus neamhchorpraithe.

**9**.—(1) Más rud é—

(*a*) go ndearna comhlacht corpraithe cion faoin gCuid seo, agus

(*b*) go gcruthaítear go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine—

(i) ar stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í, nó

(ii) ar dhuine a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin é nó í,

tá an duine, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, tá feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca le feidhmeanna bainistíochta an chomhalta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(3) Tá feidhm ag na forálacha sin roimhe seo, fairis na modhnuithe is gá, i ndáil le cionta faoin gCuid seo arna ndéanamh ag comhlacht neamhchorpraithe.

**10**.—Is é nó is í a fheidhmeoidh dlínse na Cúirte Dúiche agus na Cúirte Cuarda faoin gCuid seo an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huaire— Dlínse.

(*a*) i gcás na Cúirte Dúiche—

(i) i gcás stainnín bia nó feithicle bia, don dúiche cúirte dúiche ina n-úsáidtear an stainnín nó an fheithicil chun bia a dhíol nó ina gcoinnítear an stainnín nó an fheithicil nuair nach mbíonn sé nó sí in úsáid amhlaidh, nó

(ii) i gcás aon áitribh lónadóireachta eile, don dúiche cúirte dúiche ina bhfuil an t-áitreabh suite,

agus

(*b*) i gcás na Cúirte Cuarda, don chuaird ina bhfuil an teach cúirte ina ndearnadh an t-ordú a ndearnadh achomharc ina choinne.